Coimisiún na Meán

# Beartas um Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán

Deireadh Fómhair 2025



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Aidhmeanna & Cuspóirí | 4 |
| Cé leis a dTacaímid | 5 |
| Conas a Thacaímid | 6 |
| An méid a dTacaímid leis | 7 |
| Conas a Oibrímid | 8 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Meastóireacht | 9 |
| Fad an Chláir agus Athbhreithniú | 10 |
| Aguisín – Cúlra & Forbairt | 10 |

# Réamhrá

Is príomhréimse freagrachta de chuid Choimisiún na Meán é tacú le forbairt earnáil meán na hÉireann. Déanaimid é sin ar bhealaí éagsúla. Riaraimid scéimeanna maoinithe éagsúla, mar shampla chun tacú le hábhar atá luachmhar agus cuimsitheach ó thaobh an chultúir de a chruthú agus a chaomhnú, le tionscadail um chlaochlú digiteach, agus le hiriseoireacht inrochtana ar ardchaighdeán a chruthú. Tacaímid le feasacht agus cuirimid chun cinn í maidir le himeachtaí a bhaineann leis na meáin ar nós féilte, dámhachtainí agus comhdhálacha, agus oibrímid chun inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, an Ghaeilge, agus cleachtais inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun cinn ar fud thionscal na meán.

Chomh maith le hathruithe gasta laistigh den earnáil, aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le hoiliúint, foghlaim agus forbairt leanúnach dóibh siúd atá ag obair sna meáin, agus an luach a bhaineann le dul i dteagmháil agus oibriú leis an earnáil chun riachtanais shonracha a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Mar rialálaí, ní chuirimid féin cúrsaí oiliúna ar fáil, ach táimid tiomanta do thacú le gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a chothaíonn, i gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise, tírdhreach meán bríomhar iontaofa atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí.

Aithnímid go bhfuil ról lárnach ag go leor díobh siúd atá ag obair ar fud na meán cheana féin maidir le timpeallacht den sórt sin a chothú, mar shampla trí ábhar a chruthú a léiríonn dearcthaí agus guthanna éagsúla, trí iriseoireacht iontaofa a sholáthar a thacaíonn leis an tsochaí dhaonlathach, agus trí thacú le forbairt agus acmhainneacht chruthaitheach leanaí agus daoine óga.

Tuigimid freisin go bhfuil earnáil na meán in ann riachtanais oiliúna agus forbartha ar leith a shainaithint agus admhaímid a thábhachtaí atá solúbthacht chun tionscnaimh oiliúna agus forbartha faoi stiúir an tionscail a éascú a fhéachann le dul i ngleic le dúshláin shonracha.


Leagtar amach sa Bheartas seo ár gcur chuige maidir le tacú le hoiliúint, foghlaim agus forbairt faoinár ***gClár Oiliúna agus Forbartha na Meán***. Agus é sin á dhéanamh againn, breathnaímid ar thírdhreach na meán ina iomláine agus ar an raon bealaí a nglacann daoine páirt sna meáin agus a n-úsáideann siad ábhar agus a gcruthaíonn siad é. Dá réir sin, tá cur chuige atá neodrach ó thaobh ardáin de glactha againn agus déanfaimid breithniú ar iarratais ó gach cearn d'éiceachóras na meán, agus srianta rialála á gcur san áireamh.

Is é is aidhm don Chlár seo comhlánú a dhéanamh ar an ról níos leithne atá againn maidir le forbairt na meán agus ar scéimeanna maoinithe eile atá ar fáil. Dá bhrí sin, déanfar an Clár a ailíniú le tacaíochtaí eile atá ar fáil ón gCoimisiún, agus leo siúd a d'fhéadfadh a bheith ar fáil amach anseo. Moltar d'iarratasóirí ionchasacha féachaint ar an raon tacaíochtaí atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin chun a fháil amach cé acu a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá riachtanais.

Ba cheart an Beartas seo a léamh agus a léirmhíniú i gcomhar le beartais eagraíochtúla maidir le hábhair ghaolmhara.

# Aidhmeanna & Cuspóirí

Tá fís Choimisiún na Meán dírithe ar thírdhreach meán a bheidh rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa. Dá bhrí sin, beidh sé mar threoir ag ár Straitéis, go príomha tacaíocht a chinneadh do ghníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha, agus go háirithe na **Torthaí** seo a leanas a bhféachtar le dul chun cinn a dhéanamh ina leith.[1]




[1] Leathanach 16 dár Ráiteas Straitéise

### *Cuspóirí an Chláir*

I gcomhar leis an méid thuas, is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Chláir seo:

- Tacú le gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht agus cumas na hearnála na Torthaí Straitéiseacha a luaitear thuas a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí de seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, tacaíocht d'oiliúint lena maolaítear ganntanais scileanna san earnáil, nó lena soláthraítear deiseanna forbartha gairmiúla a chuidíonn le ceannaireacht agus bainistíocht a ghiniúint agus a chothú i réimsí áirithe.

- Comhar, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh maidir le tionscnaimh oiliúna agus forbartha ar fud earnáil na meán chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shainaitheanta agus chun aidhmeanna straitéiseacha an Choimisiúin a chur chun cinn.

- Tionscnaimh oiliúna, foghlama agus forbartha a spreagadh a dhíríonn ar an tionchar is mó agus is féidir a imirt ar fud réimse ábhartha, seachas ar eagraíocht amháin.

- Nuálaíocht a spreagadh a chuireann ar chumas na meán a bheith freagrúil do theicneolaíochtaí nua agus do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus leanúint de bhealaí nua a aimsiú agus a fhorbairt chun lucht féachana/éisteachta a mhealladh.

- Gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a chur chun cinn agus tacú leo i gcás ina bhfuil an toradh inmhianaithe soiléir agus intomhaiste.

- Forbairt caighdeán agus rialachais a chur chun cinn in eagraíochtaí meán, lena n-áirítear i réimsí na hinbhuanaitheachta comhshaoil, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsitheachta, agus na Gaeilge.

Mar a luadh thuas, beidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil á treorú go príomha ag ár Straitéis. Dá réir sin, beidh ar iarratasóirí ceann amháin ar a laghad de na Torthaí Straitéiseacha a shainaithint, arb é is aidhm dá dtogra dul chun cinn a dhéanamh ina leith.

## Cé leis a dTacaímid

Tá an *Clár Oiliúna agus Forbartha Meán* oscailte do na cineálacha eagraíochtaí / gnólachtaí cláraithe seo a leanas a oibríonn ar fud earnáil na meán nó leis na meáin:

- Eagraíochtaí ionadaíocha
- Eagraíochtaí tathanta
- Comhlachtaí oiliúna agus tacaíochta
- Eagraíochtaí oideachais a oibríonn chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann leis na meáin.

Déanfar iarratais ó eagraíochtaí meán aonair a mheas. Mar sin féin, mar gheall ar theorainneacha maoinithe, tabharfar tús áite dóibh siúd thuas, nó do chomhoibrithe nó do chomhpháirtíochtaí.

## Conas a Thacaímid

Cuirtear tacaíocht ar fáil go príomha trí bhabhtaí maoiniúchán, ina lorgaítear iarratais incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha.

- Fógraítear deiseanna maoinithe ar ár suíomh gréasáin agus foilsítear doiciméadacht treorach agus foirmeacha iarratais gaolmhara do gach babhta maoinithe.

- Beidh ar a laghad aon bhabhta maoinithe amháin ann in aghaidh na bliana.

- De ghnáth, beidh babhtaí ar oscailt do gach cineál iarratais incháilithe, ach féadfaidh An Coimisiún treoir a thairiscint maidir le réimsí tosaíochta spéise a bhaineann lena Chlár Oibre, lena Straitéis nó le réimsí ainmnithe eile.

- Faoi réir infhaighteacht mhaoinithe, féadfaidh an Coimisiún babhtaí nó sraitheanna tiomnaithe a reáchtáil a dhíríonn ar réimsí spéise áirithe i gcomhréir lena Straitéis agus lena Chlár Oibre. Mar shampla, mar aon le réimsí eile, d'fhéadfaí díriú ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn sna meáin, i gcleachtais inbhuanaitheachta comhshaoil, agus i ngairmeacha cruthaitheacha nó dul chun cinn gairme do réimse éagsúil grúpaí.

- Oibríonn an Coimisiún an Clár seo ag féachaint do Rialacha Státchabhrach an Aontais, agus feidhmíonn sé de réir Rialachán De Minimis (AE) 2023/2831. Faoin rialachán seo, ní féidir go rachadh cabhair a dheonaítear do 'ghnóthas' amháin thar €300,000 i dtréimhse rollach 3 bliana. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh íocaíochtaí De Minimis le gnóthas amháin faoi roinnt beart nó scéimeanna cloí go carnach leis an teorainn €300,000. Chun faisnéis bhreise a fháil: Cúnamh De Minimus

- Is féidir cabhair deontais suas le 95% den tionscadal / de na gníomhaíochtaí a lorg. Moltar go mbeadh foinsí eile maoinithe, lena n-áirítear ranníocaíocht ón iarratasóir, mar chuid de Phlean Airgeadais atá beartaithe.

# An méid a dTacaímid leis

Is é cuspóir an *Chláir Oiliúna agus Forbartha na Meán* tacú le gníomhaíochtaí sonracha oiliúna, foghlama agus forbartha a thagann lenár gcuid oibre mar rialálaí agus mar ghníomhaireacht forbartha meán.

- Is féidir maoiniú a lorg chun cuidiú le gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha, atá sonrach agus intomhaiste, a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama ar leith.

- Na costais oibríochtúla agus forchostais a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích, mar shampla tionscnaimh oiliúna a chomhordú agus a chur chun feidhme, tá siad incheadaithe.

- Táthar ag súil go gcuirfidh iarratasóirí roinnt maoinithe ar fáil do na gníomhaíochtaí beartaithe lena mbaineann, agus níor cheart dóibh féachaint leis an gClár seo a úsáid mar an t-aon fhoinse mhaoinithe atá acu.

- Spreagtar iarratasóirí chun iniúchadh a dhéanamh ar thacaíochtaí Maoinithe eile a thairgeann An Coimisiún, mar shampla faoi scéimeanna Mhaoiniú na Meán, sula ndéanann siad iarratas ar an gclár seo.

- Má tá maoiniú á fháil ag Iarratasóir faoi scéim eile de chuid Choimisiún na Meán, mar shampla chun tacú le féile, ní féidir leis an Iarratasóir iarratas a dhéanamh ar an gClár seo chun tacú leis an ngníomhaíocht / na gníomhaíochtaí nó leis an imeacht céanna atá ag fáil maoinithe tríd an sásra tacaíochta eile.

- Níl an Clár seo ceaptha chun tacú le costais reatha eagraíochta ó lá go lá. Ní cheadaítear maoiniú le haghaidh na gcostas oibríochtúil nó na bhforchostas sin lasmuigh de ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha sainaitheanta.

- Ní cheadaítear maoiniú le haghaidh costais chaipitil nó bhonneagair.

- Ba cheart róspleáchas ar an gClár seo a sheachaint toisc nach ráthaítear maoiniú amach anseo le maoiniú roimhe seo.

# Conas a Oibrímid

Beidh cur chun feidhme an Chláir seo á threorú ag ár luachanna mar eagraíocht. Agus an méid sin á chur san áireamh:

| | |
|---|---|
| Tionchar | Beidh sé mar aidhm againn an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach agus muid ag tacú le tionscadail nó gníomhaíochtaí agus oibreoimid le páirtithe leasmhara chun spriocanna soiléire a leagan síos, agus chun torthaí a thomhas agus a mheas. |
| Neamhspleáchas | Beimid neamhchlaonta agus oibiachtúil agus tograí á gcur san áireamh againn, agus beimid trédhearcach agus soiléir agus an réasúnaíocht atá taobh thiar dár gcinntí á leagan amach againn. |
| Misneach | Cuirfimid fáilte roimh athruithe agus roimh bhealaí nua chun oiliúint, foghlaim agus forbairt a sholáthar i dtograí. |
| Dírithe ar Dhaoine | Rachaimid i dteagmháil go dearfach le páirtithe leasmhara agus éistfimid leo faoi seach chun cuidiú a thabhairt lena chinntiú go mbeidh na torthaí is fearr ar fáil don earnáil, agus dá réir sin do dhaoine in Éirinn a bhíonn ag plé leis na meáin. |
| Iontaoibh | Beimid comhsheasmhach, comhréireach agus cothrom sa chinnteoireacht agus inár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. |
| Ionracas | Beimid ionraic agus trédhearcach maidir leis an méid a dhéanaimid, agus conas a dhéanaimid é. |

## *Faisnéis faoin Measúnú*

Beidh na céimeanna féideartha seo a leanas i gcéim an mheasúnaithe.

- *Réamh-Mheastóireacht:* A chinntiú go bhfuil iarratasóir incháilithe chun maoiniú a fháil faoin gclár. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go bhfuil na critéir íosta comhlíonta agus go bhfuil gach doiciméad / faisnéis riachtanach curtha isteach.

- *Measúnú Cáilíochtúil:* Déantar measúnú ar gach iarratas de réir a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe atá leagtha amach i ndoiciméadacht treorach fhoilsithe an Choimisiúin don bhabhta maoinithe lena mbaineann.

- *Measúnú Straitéiseach:* I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ann. Díreoidh sí sin ar chothromaíocht a bhaint amach i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs an Chláir. Déanfar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil a mheas anseo.

- *Daingniú:* Cuirtear na moltaí deireanacha faoi bhráid an Choimisiúin ansin lena ndaingniú.

- Ní mór d’Iarratasóirí a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglactar leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll/coinníollacha a ghabhann léi, agus ní mór dóibh comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún laistigh de thréimhse shonraithe.

- Cuirfear sonraí ar fáil d’Iarratasóirí nár éirigh leo maidir leis an measúnú ar a n-iarratas.

# Dearbhú Cáilíochta agus Meastóireacht

Táthar ag súil go dtabharfaidh iarratasóirí a fhaigheann maoiniú breac-chuntas ar a modhanna meastóireachta mar chuid dá dtogra, agus, má éiríonn leo, go dtabharfaidh siad tuairisc ar thorthaí ar bhealach atá sonraithe ag an gCoimisiún.

Tuigimid freisin an tábhacht a bhaineann le torthaí gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a thomhas agus a mheasúnú i gcomhthéacs chuspóirí an Chláir. Táimid tiomanta do bheith ag obair leis an earnáil chun sásraí meastóireachta oiriúnacha a fhiosrú nuair is féidir, agus an fhéidearthacht go mbeadh cur chuige níos córasaithe ann chun tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun cabhrú le luach an Chláir, agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil, a thomhas.

# Fad an Chláir agus Athbhreithniú

Is é Coimisiún na Meán a chinnfidh fad an Chláir, agus athruithe sa timpeallacht rialála, tacaíochtaí maoinithe eile atá ar fáil, agus forbairtí agus dúshláin san earnáil á gcur san áireamh. Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar Bheartas an Chláir gach ceithre bliana ar a laghad, chun a éifeachtacht a thomhas agus chun forbairtí ar fud thírdhreach na meán a chur san áireamh.

# Aguisín

# Cúlra agus Forbairt an Chláir

Bunaíodh Coimisiún na Meán i mí an Mhárta 2023 de bhun fhorálacha an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 , agus tháinig sé in ionad an rialtóra a bhí ann roimhe sin, Údarás Craolacháin na hÉireann. Mar chuid dá ról forbartha sna meáin, choinnigh Coimisiún na Meán an *Clár Foghlama agus Forbartha Earnála* ar bun ar dtús agus lean sé de bheith á oibriú, clár a bhunaigh an rialálaí roimhe seo. Thacaigh an *Clár Foghlama agus Forbartha Earnála* le líonraí tionscail agus le heagraíochtaí ionadaíocha chun tacaíocht oiliúna agus forbartha a chur ar fáil do na hearnálacha craolacháin, fuaime agus closamhairc. Cuireadh an Clár i bhfeidhm i gcomhréir leis an g*Clár Foghlama agus Forbartha Earnála* a d'fhorbair Údarás Craolacháin na hÉireann.

Aithníonn an Coimisiún luach an Chláir seo agus tacaíocht á cur ar fáil aige chun inbhuanaitheacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht na n-earnálacha sin a fheabhsú. Chun cur leis an mbonn láidir sin agus chun sainchúram leathnaithe an Choimisiúin mar rialálaí agus mar ghníomhaireacht forbartha meán a léiriú, rinneadh athbhreithniú chun bonn eolais a chur faoi Chlár agus Beartas athbhreithnithe a fhorbairt.

Dhírigh an t-athbhreithniú seo ar iarratasóirí ar an *gClár Foghlama agus Forbartha Earnála*, a ndearna a bhformhór iarratas ar an gClár ar bhonn bliantúil ó bunaíodh é. Tugadh faoin athbhreithniú le tacaíocht ó rannóg taighde an Choimisiúin, agus bhí Céim an tSuirbhé ann inar iarradh ar iarratasóirí freagra a thabhairt ar réimse saincheisteanna maidir leis an gClár foriomlán agus Céim an Agallaimh a spreag aiseolas agus comhthéacs cáilíochtúil breise. Rinneadh an suirbhé idir mí na Nollag 2024 agus mí Eanáir 2025 agus reáchtáladh Céim an Agallaimh i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2025.

Bhí bunú an *Chláir Oiliúna agus Forbartha Meán*, agus an Bheartais ghaolmhair seo, bunaithe ar an athbhreithniú thuas, ar ról forbartha meán an Choimisiúin agus ar an Ráiteas Straitéise. Cuirtear san áireamh i mbunús an chláir freagrachtaí An Choimisiúin a leagtar amach san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 .

Áirítear ar na freagrachtaí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas:[2]

- Taighde a spreagadh, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur chun cinn nó tacú leo, lena n-áirítear i litearthacht sna meáin, agus comhoibriú chun na críche sin le comhlachtaí oideachais agus oiliúna, le comhlachtaí spóirt agus le comhlachtaí pobail, le comhlachtaí áitiúla agus ionadaíocha, agus feasacht, eolas agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar shlí eile, i ndáil le hábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.

- Soláthar clár ardcháilíochta, éagsúil agus nuálach trí sholáthraithe seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a spreagadh.

- Úsáid na Gaeilge ag na meáin chumarsáide atá ag feidhmiú sa Stát a chur chun cinn agus a spreagadh.

- Timpeallacht rialála a chur ar fáil a chothóidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.

- Forbairt clár i nGaeilge, agus cláir a bhaineann le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh.

- Inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh i mbeartais agus i gcleachtais soláthraithe seirbhísí craolacháin, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, agus seirbhísí ábhartha ar líne.

[2] Alt 7(3) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022